



---

*Suí iomlánach*

---

**A9-0432/2023**

12.12.2023

# TUARASCÁIL

ar an bhfuinneamh geoiteirmeach  
(2023/2111(INI))

An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Zdzisław Krasnodębski

## CLÁR

### Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	3
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .....	19
IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR .....	24
FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....	25
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	26

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

### ar an bhfuinneamh geoiteirmeach (2023/2111(INI))

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint d’Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),
- ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (‘An Dlí Aeráide Eorpach’)<sup>1</sup>,
- ag féachaint do Threoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle<sup>2</sup>,
- ag féachaint do na leasuithe arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa an 14 Márta 2023 ar an togra i gcomhair Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)<sup>3</sup>,
- ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/943, Rialachán (AE) 2019/942, Treoir (AE) 2018/2001 agus Treoir (AE) 2019/944 chun dearadh mhargadh leictreachais an Aontais a fheabhsú,
- ag féachaint do na leasuithe arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa an 14 Meán Fómhair 2023 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 168/2013<sup>4</sup>,
- ag féachaint do na leasuithe arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa an 21 Samhain 2023 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) (COM(2023)0161)<sup>5</sup>,
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an dar teideal ‘Plean REPowerEU’ (COM(2022)0230),

---

<sup>1</sup> [IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.](#)

<sup>2</sup> [IO L 2023/2413, 31.10.2023.](#)

<sup>3</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2023)0068.

<sup>4</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2023)0325.

<sup>5</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2023)0401.

- ag féachaint do na leasuithe arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2022 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh<sup>6</sup>,
- ag féachaint don Rialachán Tacsanomaíochta maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, Rialachán (AE) 2019/2088<sup>7</sup> agus don Rialachán Tarmligthe gaolmhar lena socraítear na critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu an ndéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d’aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile<sup>8</sup>;
- ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2013 lena gcuirtear Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí chun feidhme<sup>9</sup>,
- ag féachaint do Threoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Treoir 2011/92/AE maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol<sup>10</sup>,
- ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena leagtar síos liosta de thacair sonraí shonracha ardluacha agus na socrúithe maidir lena bhfoilsíú agus lena n-athúsáid<sup>11</sup>,
- ag féachaint do thuarascáil ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Inathnuaite mhí Feabhra 2023 dar teideal “*Global geothermal market and technology assessment*”<sup>12</sup>,
- ag féachaint don tuarascáil ón bhFaireachlann um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlan dar teideal “*Deep Geothermal Heat and Power in the European Union – 2022 Status Report on Technology Development, Trends, Value Chains and Markets*” [Teas agus Cumhacht Geoiteirmeach Domhain san Aontas Eorpach – Tuarascáil Stádais 2022 ar Fhorbairt na Teicneolaíochta, Treochtaí, Slabhraí Luacha agus Margaí]<sup>13</sup>,
- ag féachaint don tuarascáil ón bhFaireachlann um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlan dar teideal “*Overall Strategic Analysis of Clean Energy Technology in the European Union*”

<sup>6</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2022)0441.

<sup>7</sup> Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtáil ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais, [IO L 317, 9.12.2019, lch. 1](#).

<sup>8</sup> [IO L 442, 9.12.2021, lch. 1](#).

<sup>9</sup> [IO L 239, 6.9.2013, lch. 136](#).

<sup>10</sup> [IO L 124, 25.4.2014, lch. 1](#).

<sup>11</sup> [IO L 19, 20.1.2023, lch. 43](#).

<sup>12</sup> ISBN: 978-92-9260-495-0.

<sup>13</sup> Bruhn, D. et al., *Clean Energy Technology Observatory: Deep Geothermal Heat and Power in the European Union – Status Report on Technology Development, Trends, Value Chains and Markets*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022.

- 2022 Status Report” [Anailís Straitéiseach Foriomlán ar Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain san Aontas Eorpach – Tuarascáil Stádais 2022]<sup>14</sup>,
- ag féachaint don staidéar ón gCoimisiún Eorpach dar teideal ‘*Geothermal plants and applications emissions: overview and analysis*’ [Staidéar ar astaíochtaí gléasraí geoiteirmeacha agus feidhmeanna geoiteirmeacha: forbhreathnú agus anailís]<sup>15</sup>,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún dar teideal ‘*District heating and cooling in the EU – Overview of markets and regulatory frameworks under the revised Renewable Energy Directive*’ [Téamh agus fuarú ceantair in AE – Forbhreathnú ar mhargáí agus creataí rialála faoin Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite]<sup>16</sup>,
  - ag féachaint don tuarascáil ón Airmheán Comhpháirteach Taighde dar teideal ‘*The heat pump wave: opportunities and challenges*’ [Ráig an teaschaidéil: deiseanna agus dúshlán’]<sup>17</sup>,
  - ag féachaint don staidéar in 2023 ón gCoimisiún Eorpach dar teideal ‘*Overview of heating and cooling - Perceptions, markets and regulatory frameworks for decarbonisation*’ [Forbhreathnú ar théamh agus fuarú - Dearcthaí, margáí agus creataí rialála le haghaidh dícharbónú]<sup>18</sup>,
  - ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2021 maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh<sup>19</sup>,
  - ag féachaint do rún uaithi an 10 Iúil 2020 maidir le cur chuige cuimsitheach Eorpach i leith stóráil fuinnimh<sup>20</sup> agus do mholadh ón gCoimisiún an 14 Márta 2023 maidir le Stóráil Fuinnimh – Bonn a chur faoi chóras fuinnimh AE atá dícharbónaithe agus slán<sup>21</sup>,
  - ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 maidir le rochtain ar thithíocht chuibhiúil agus inacmhainne do chách<sup>22</sup>,
  - ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0432/2023),

---

<sup>14</sup> Georgakaki, A. et al., *Clean Energy Technology Observatory: Overall Strategic Analysis of Clean Energy Technology in the European Union – 2022 Status Report*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022.

<sup>15</sup> Ernst & Young, RINA Consulting S.p.A, *Vito Study on ‘Geothermal plants’ and applications’ emissions: Overview and analysis*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2020.

<sup>16</sup> Bacquet, A., Galindo Fernández, M., Oger, A. et al., *District heating and cooling in the European Union – Overview of markets and regulatory frameworks under the revised Renewable Energy Directive. Annexes 6 and 7 – Final version*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

<sup>17</sup> Toleikyte, A., et al., *The Heat Pump Wave: Opportunities and Challenges*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2023.

<sup>18</sup> Breitschopf, B., et al., *Overview of heating and cooling – Perceptions, markets and regulatory frameworks for decarbonisation – Final report*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

<sup>19</sup> IO C 251, 30.6.2022, lch. 58.

<sup>20</sup> IO C 371, 15.9.2021, lch. 58.

<sup>21</sup> IO C 103, 20.3.2023, lch. 1.

<sup>22</sup> IO C 456, 10.11.2021, lch. 145.

- A. de bhrí gur foinse luachmhar agus áitiúil fuinnimh in-athnuaite é fuinneamh geoteirmeach ar féidir leis, ar bhealach costéifeachtach, leictreachas inseachadta, teas nó meascán den dá rud a sholáthar agus a bhfuil acmhainneacht mhór ag baint leis d'earnáil na cumhachta agus do tháirgeadh teasa, chomh maith le táirgeadh inbhuanaithe amhábhbar, agus gur féidir leis a bheith ina fhoinse post ardcháilíochta;
- B. de bhrí gur luadh i Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh nach mór an cion den éileamh fuinnimh a chumhdaítear le teas gréine agus leis an bhfuinneamh geoteirmeach a mhéadú faoi thrí ar a laghad má tá an tAontas chun a spriocanna aeráide agus fuinnimh do 2030 a bhaint amach;
- C. de bhrí go dtagann os cionn 75 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais as táirgeadh agus úsáid fuinnimh; de bhrí, ar an drochuair, go gcumhdaítear níos mó ná leath den tomhaltas deiridh fuinnimh san earnáil chónaithe don téamh spáis le breoslaí iontaise<sup>23</sup>;
- D. de bhrí gur léiríodh le géarchéim na bpraghsanna fuinnimh agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine go bhfuil géarghá le neamhspleáchas straitéiseach oscailte na hEorpa a mhéadú; de bhrí gur rannchuidigh téamh, fuarú agus cumhacht gheoteirmeach cheana féin le hiarrachtaí an Aontais allmhairí breoslaí iontaise a laghdú;
- E. de bhrí gur féidir le fuinneamh geoteirmeach rannchuidiú leis na cuspóirí a leagtar amach i bPlean REPowerEU, go háirithe chun táirgeadh fuinnimh ghlain a mhéadú agus chun soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus go bhfuil sé d'acmhainn ag an bhfuinneamh geoteirmeach leictreachas agus teas iontaofa agus inacmhainne a chur ar fáil do thionscail agus do ghnólachtaí, go háirithe do FBManna, a neartófaí a n-iomaíochas, chomh maith le saoránaigh, lena dtabharfaí aghaidh ar fhadhb na bochtaineachta fuinnimh, i measc nithe eile;
- F. de bhrí gur foinse fuinnimh in-athnuaite, leanúnach agus iontaofa é fuinneamh geoteirmeach atá inrochtana go héasca a luaithe a bheidh an bonneagar is gá i bhfeidhm agus lena soláthraítear réiteach glan-nialasachta agus áitiúil chun líonraí téimh ceantair a dhíchárbónú, i gcomhréir le sainmhíniú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh<sup>24</sup> ar 'chórais téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtúla', agus ar féidir leis rannchuidiú le 'pobail fuinnimh' áitiúla a thógáil agus le neamhthuilleamaíocht chomhchoiteann maidir le tomhaltas fuinnimh in-athnuaite;
- G. de bhrí go mbeidh ról ríthábhachtach ag comhtháthú teicneolaíochtaí geoteirmeacha san earnáil fuinnimh maidir le solúbthacht agus éifeachtúlacht na hearnála fuinnimh a fheabhsú agus maidir lena lorg carbóin a laghdú;
- H. de bhrí gur teicneolaíochtaí iad teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoteirmigh atá liostaithe mar theicneolaíochtaí glan-nialasachta straitéiseacha don

---

<sup>23</sup> Eurostat 2021, [Energy consumption in households](#) [Tomhaltas fuinnimh i dteaghlaigh].

<sup>24</sup> Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE, [IO L 315, 14.11.2012, lch. 1.](#)

Eoraip san iarscríbhinn a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Gníomh um Thionscal Glan-nialasachta;

- I. de bhrí go measann an tionscal gur féidir le fuinneamh geoiteirmeach níos mó ná 75 % den téamh agus den fhuarúchán a thomhlaítear san Eoraip agus os cionn 15 % dá cumhacht leictreach a sholáthar faoi 2040;
- K. de bhrí nach ann fós ar leibhéal an Aontais do na coinníollacha agus creataí cuimsitheacha beartais is gá chun borradh a chur faoi fhorbairt agus faoi úsáid fuinnimh gheoiteirmigh san Eoraip; de bhrí go bhfuil géarghá le dul chun cinn i réimsí éagsúla beartais ar an leibhéal náisiúnta freisin ionas go mbeidh gníomhaithe geoiteirmeacha in ann borradh a chur faoi imscaradh tionscadal trí thaighde feabhsaithe, tríd an slabhra soláthair a neartú, trí scéimeanna tacaíochta éifeachtúla agus trí fheasacht an phobail a mhéadú.

### ***Forbairt agus acmhainneacht***

1. ag tabhairt dá haire gur leathnaigh forbairt teicneolaíochtaí an réimse atá oiriúnach do thionscadail gheoiteirmeacha chostéifeachtúla agus a raon feidhme;
2. á chur i bhfáth go bhfuil acmhainneacht ag na hacmhainní geoiteirmeacha éadoimhne uileláithreacha ísealteochta atá ar fáil sna Ballstáit uile; á thabhairt chun suntais go bhfuil acmhainneacht ag baint le fuinneamh geoiteirmeach domhain ar féidir é a úsáid go díreach chun teas agus cumhacht a ghiniúint;
3. ag tabhairt dá haire gur minic a bhíonn ról forimeallach ag fuinneamh geoiteirmeach sa phlé maidir le fuinneamh in-athnuaite; ag tarraingt aird ar an bhfioras nach bhfuil amhábhair chriticiúla ag teastáil ó shuiteálacha geoiteirmeacha a mhéid céanna le foinsí in-athnuaite fuinnimh eile; ag tabhairt dá haire, bunaithe ar chur chuige saolré inbhuanaithe, go bhfuil tionchar íseal ag an bhfuinneamh geoiteirmeach ar an gcomhshaol agus go mbíonn úsáid theoranta talún de dhíth air de ghnáth agus gur féidir é a chomhtháthú go héasca sa tírdhreach;
4. ag cur béim ar an bhfioras go mbaineann tairbhí fadtéarmacha le fuinneamh geoiteirmeach ar féidir leo a bheith níos mó ná na costais tosaigh arda a bhaineann lena fhorbairt, mar shampla, gur foinse inbhuanaithe fuinnimh é a bhfuil tionchar íseal aige ar an gcomhshaol, agus a bhfuil costais chobhsaí agus intuartha fuinnimh, costais ísle oibriúcháin, saolré fhada agus iontaofacht aige lena gcruthaítear deiseanna gnó agus fostaíochta i bpobail áitiúla, agus lena gcabhraítear leis an spleáchas ar bhreosláí allmhairithe a laghdú;
5. á chur in iúl gur oth léi nár baineadh leas leordhóthanach as acmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh níos luaithe agus go bhfuil a ghlacadh le déanaí á spreagadh den chuid is mó ag an ngéarchéim fuinnimh agus ag géarghá le brú socheacnamaíoch an éilimh ar théamh agus ar fhuarúchán san Eoraip a mhaolú; ag tabhairt foláirimh go raibh insreabhadh gáis fhóirdheonaithe, feasacht theoranta phoiblí agus gá le hinfheistíochtaí tosaigh arda ag cur isteach go héifeachtach ar fhorbairt an fhuinnimh gheoiteirmigh ar feadh na mblianta;

6. á chur i bhfios go láidir go bhfuil acmhainn ag an bhfuinneamh geoiteirmeach rannhuidiú go mór le príomhchuspóirí straitéiseacha a bhaint amach laistigh den Aontas, lena n-áirítear spriocanna aeráide a bhaint amach trí earnálacha tionsclaíocha éagsúla a dhíchárbónú, neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais a threisiú trí riachtanais slándála fuinnimh a neartú, spleáchais breosla iontaise ar thríú tíortha neamhiontaofa amhail an Rúis a dhíothú, iomaíochas thionscail na hEorpa a mhéadú agus tomhaltóirí a chumhachtú a bhuí le soláthar inacmhainne agus iontaofa teasa agus leictreachais;
7. á chur i bhfáth go bhféadfaí rannhuidiú le soláthar áitiúil agus iontaofa amhábhair criticiúil straitéiseach, lena n-áirítear litiam, a áirithiú leis an bpróiseas chun amhábhair a eastóscadh ó sháilí geoiteirmeacha ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus, dá bhrí sin, athléimneacht eacnamaíoch an Aontais a neartú; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, go n-eascraíonn éifeachtaí fostaíochta níos airde as saoráidí a eastóscann fuinneamh geoiteirmeach agus amhábhair araon ná mar a bhíonn ag gléasraí geoiteirmeacha traidisiúnta agus go meallann siad gnólachtaí atá ag iarraidh ilsruthanna acmhainní a úsáid;
8. ag tarraingt aird ar réitigh gheoiteirmeacha lenar féidir farasbarr fuinnimh gaoithe agus gréine a stóráil lena n-úsáid ina dhiaidh sin do théamh, fuarú agus táirgeadh cumhachta, agus ar an ról ríthábhachtach atá acu i bhforbairt córas fuinnimh bunaithe ar fhoinisí in-athnuaite; á chur i bhfáth, ina leith sin, go bhfuil ról ag mianaigh neamhghníomhacha atá an-oiriúnach do theirmeastóráil shéasúrach ar mhórscála agus do stóráil leictreach fadtréimhseach; á chur i bhfios go láidir go bhfuil acmhainneacht ag baint le fuinneamh geoiteirmeach le haghaidh cothromú eangaí agus seirbhísí cúnta mar gheall ar an bhfachtóir ardtoillte a bhaineann leis, a sholúbthacht soláthair agus a acmhainneacht inseolta;
9. á chur i bhfáth gur i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair agus i líonraí suiteálacha geoiteirmeacha éadomhain atá an acmhainneacht is fearr a bhaineann le húsáid fuinnimh gheoiteirmigh san Aontas; á thabhairt chun suntais gur féidir leo fuinneamh in-athnuaite áitiúil, bonnualaigh agus solúbtha, agus cosaint ar phraghsanna luaineacha agus méadaitheacha breoslaí iontaise, a sholáthar; á cur i bhfáth gur féidir leis an bhfuinneamh geoiteirmeach earnáil an téimh agus an fhuaraithe a dhíchárbónú arb ionann an ídiú fuinnimh na hearnála sin agus beagnach leath d'ídiú deiridh foriomlán fuinnimh an Aontais, agus go ngineann sí suas le 35 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a bhaineann le húsáid fuinnimh; ag tabhairt dá haire go bhfuil acmhainneacht ag an bhfuarú ceantair geoiteirmeach agus go bhfuil gá méadaitheach leis an bhfuarú sin, rud a bheidh ina ghné thábhachtach den oiriúnú inbhuanaithe don athrú aeráide i gcathracha de réir mar a mheastar go n-éireoidh teochtaí níos teo agus tonnta teasa níos minice;
10. ag tabhairt dá haire go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag an teas geoiteirmeach do phróisis thionsclaíocha, go háirithe do phróisis ísealfhuinnimh go meánfhuinnimh (faoi bhun 200 céim), arb ionann iad agus suas le leath de tháirgeadh teasa thionsclaíoch san Eoraip; á chur i bhfáth, ina leith sin, go gcuirfeadh forbairt ar úsáid teasa gheoiteirmigh chun na críche sin borradh faoi iomaíochas cuideachtaí Eorpacha trí fhoinsé teasa iontaofa agus inacmhainne a sholáthar;



11. á chur i bhfios go láidir freisin go bhfuil acmhainneacht ag an teas geoiteirmeach i dtáirgeadh bia intíre, go háirithe maidir le táirgeadh táirgí talmhaíochta, gairneoireacht, agus dobharshaothrú; ag tabhairt dá haire go bhfuil samplaí rathúla ann cheana féin de chur i bhfeidhm an fhuinnimh gheoiteirmigh sna hearnálacha sin i réigiúin éagsúla na hEorpa; á chur i bhfios go láidir go rannchuideoidh úsáid teasa gheoiteirmigh le dícharbónú na n-earnálacha sin agus le cleachtais níos inbhuanaithe agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, agus costais táirgthe, costais arda fuinnimh, luaineacht praghsanna do tháirgeoirí chomh maith le cur chun cinn na hathléimneachta i gcórais bhia á laghdú ag an am céanna;
12. ag cur sonrú san acmhainneacht a bhaineann le húsáid chascáidithe, i gcás ina n-úsáidtear an sreabhán geoiteirmeach céanna chun críocha iolracha; á chur i bhfáth gur gá sineirgí trastionscail a chothú idir an earnáil gheoiteirmeach agus earnálacha eile, lena n-áirítear trí úsáid chomhroinnte a bhaint as láithreáin, bonneagar, sonraí agus scileanna sa lucht saothair;
13. á mheas gur cheart láithreach fuinnimh gheoiteirmigh a chur san áireamh agus suíomh geografach ‘gleannta tionscail glan-nialasachta’ á hainmniú mar chuid den Acht um Thionscal Glan-Nialasachta;

### ***Moltaí beartais***

14. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis de chuid an Aontais um fhuinneamh geoiteirmeach a thíolacadh lena dtabharfar treoir nithiúil do na Ballstáit agus do riaracháin áitiúla chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh gheoiteirmigh chun téamh a dhícharbónú agus rannchuidiú le neamhspleáchas fuinnimh an Aontais agus chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir le sciar an éilimh fuinnimh a chumhdaítear le grianteas agus fuinneamh geoiteirmeach a mhéadú faoi thrí ar a laghad faoi 2030 mar a fógraíodh i Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh; á thabhairt chun suntais gur iarr 151 ghnó agus tionscal ar an gCoimisiún in 2022 straitéis Eorpach a ullmhú chun leas a bhaint as acmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh;
15. á chur i bhfáth gur cheart do bhearta náisiúnta agus uile-Aontais don fhuinneamh geoiteirmeach a bheith bunaithe ar mheasúnú ar acmhainneacht gheoiteirmeach na hEorpa, agus na dálaí éagsúla geolaíochta agus aeráide á gcur san áireamh, agus ar mheastachán ar an gcostéifeachtúlacht a bhaineann le réitigh gheoiteirmeacha a imscaradh;
16. á iarraidh ar an gCoimisiún an straitéis a bhunú ar mheasúnú cuimsitheach ar acmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh san fhodhromchla éadomhain, meánach, domhain agus an-domhain ar fud na 27 mBallstát; ag tabhairt dá haire gur cheart go gcuideodh an measúnú sin le hacmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh le haghaidh úsáidí éagsúla a shainiú, lena n-áirítear téamh ceantar, fuarú, próisis thionsclaíochta, táirgeadh bia, teaschaidéil, giniúint leictreachais, agus táirgeadh hidrigine in-athnuaite agus litiam, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin; ag tabhairt dá haire gur cheart don staidéar sin measúnú a dhéanamh freisin ar an tionchar a bheadh ag forbairt an fhuinnimh gheoiteirmigh ar dhícharbónú an gheilleagair, ar chruthú post, ar iomaíochas, ar chumhachtú tomhaltóirí, agus ar chostéifeachtacht i gcomparáid le foinsí eile fuinnimh;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt sa straitéis ar na bacainní ar fhorbairt tionscadal geoiteirmeach, lena n-áirítear saincheisteanna trasteorann, agus treoir a chur ar fáil maidir le dea-chleachtais in úsáid fuinnimh gheoiteirmigh san Aontas d'údaráis náisiúnta agus áitiúla, d'fhorbróirí tionscadail agus d'institiúidí airgeadais;
18. á chur in iúl gur geal léi an méadú atá ag teacht ar an bhfeasacht ar an bhfuinneamh geoiteirmeach agus méadú atá ag teacht ar an tacaíocht dó ar an leibhéal náisiúnta; á iarraidh ar na Ballstáit sampla na dtíortha a bhfuil treochláir um fhuinneamh geoiteirmeach, spriocanna agus bearta beartais tiomnaithe le haghaidh fuinneamh geoiteirmeach forbartha acu, a leanúint<sup>25</sup>; á chur i bhfáth gur gá malartú faisnéise a éascú maidir leis na bearta agus na sonraí sin chun tacú le beartais faoin bhfuinneamh geoiteirmeach agus chun na dea-chleachtais atá ann cheana agus comhroinnt eolais a chur chun cinn;
19. á iarraidh ar an gCoimisiún 'comhghuaillíocht um fhuinneamh geoiteirmeach' a bhunú, ina n-áireofaí na Ballstáit, cumasóirí maidir le glacadh fuinnimh gheoiteirmigh, an tionscal, an pobal eolaíochta agus an tsochaí shibhialta lena n-éascófaí malartú dea-chleachtas agus lena gcuirfí an straitéis um fhuinneamh geoiteirmeach a bheidh ann amach anseo chun feidhme;
20. á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar acmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh rannchuidiú le cuspóirí na hidrigine glaine arna socrú i bplean REPowerEU a tháirgeadh;

### ***Téamh agus fuarú ceantar geoiteirmeach***

21. á chur i bhfios go láidir gur gá na líonraí téimh agus fuaraithe atá ann cheana a nuachóiriú agus cinn nua a thógáil a bhaineann úsáid as acmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dreasachtaí láidre a chruthú chun tacú leis an méid thuas agus chun tús áite a thabhairt do chórais téimh agus fuaraithe don 4ú agus don 5ú glúin; ag tabhairt dá haire go bhfuil forbairt líonraí téimh agus fuaraithe ina dlúthchuid d'ullmhú pleananna cuimsitheacha um théamh bardasach, mar a cheanglaítear leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, agus go bhfuil an fhorbairt sin ailínithe le cuspóirí na bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide; á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte a sholáthar do na Ballstáit chun na pleananna sin a ullmhú, lena n-áirítear chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh;
22. á chur in iúl gur geal léi an méadú atá ag teacht ar líon na dtionscadal a bhaineann le bonneagar téimh agus fuaraithe ceantair (TFC) atá ann cheana a thiontú ina TFC geoiteirmeach; ag cur béim go háirithe ar acmhainneacht na dtiontuithe sin i dtíortha Lár agus Oirthear na hEorpa, tíortha inar féidir leo cur go mór le beartais dícharbónaithe; á chur i bhfáth gur cheart go dtacódh an Ciste don Nuachóiriú, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Comhtháthaithe leis na gníomhaíochtaí sin tríd is tríd; á iarraidh go ndéanfaí infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gCiste don Nuachóiriú, agus a thacaíonn le córais téimh ceantair a thiontú, machnamh a dhéanamh i gcónaí ar

---

<sup>25</sup> Amhail na tionscnaimh náisiúnta a sheol an Pholainn (an Clár Ibhliantúil um Fhorbairt Úsáid Acmhainní Geoiteirmeacha sa Pholainn – 2022), an Fhrainc (Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Fuinneamh Geoiteirmeach – 2023), agus an Ghearmáin (Straitéis Fuinnimh Gheoiteirmigh na Gearmáine 2022).

an acmhainneacht atá ann fuinneamh geoteirmeach a sholáthar do na córais sin;

23. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur rómhinic a chuirtear cosc nó moill shuntasach ar fhorbairt tionscadal geoteirmeach mar gheall ar easpa líonraí forbartha téimh agus fuaraithe ceantair; á chur i bhfáth gur gá comhordú a áirithiú idir cuideachtaí fuinnimh agus údaráis áitiúla chun líonraí téimh agus fuaraithe ceantair a phleanáil, a bhainistiú agus infheistiú iontu go comhpháirteach;
24. ag tarraingt aird ar an bhfioras gur cuireadh roinnt de na tionscadail gheoteirmeacha TFC ar tugadh fúthu le déanaí chun feidhme le samhlacha nua gnó lenar féidir le cuideachtaí príobháideacha, lena n-áirítear cuideachtaí fóntais, bonneagar poiblí a thógáil thar ceann na n-údarás áitiúil; á iarraidh ar na Ballstáit deiseanna nuálacha rialála a phlé chun forbairt TFC geoteirmeach a chothú;
25. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé sonraí ó na líonraí téimh ceantair atá ann cheana, lena n-áirítear leibhéal an nuachóirithe agus an éilimh teasa, a chur ar fáil do gheallsealbhóirí san fhuinneamh geoteirmeach ar fud na hEorpa; á chur i bhfios go láidir go bhfuil na sonraí sin ríthábhachtach chun meastóireacht a dhéanamh ar acmhainneacht réigiúin agus chun teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla le linn na gcéimeanna tosaigh de thionscadal; á iarraidh ar an gCoimisiún infhaighteacht na sonraí TFC atá ann cheana a éascú agus a chomhordú;

### ***Infhaighteacht sonraí***

26. ag tabhairt dá haire go bhfuil an easpa rochtain éasca ar shonraí fodhromchla ina bacainn mhór faoi láthair ar laghdú riosca agus, ar an gcaoi sin, ar thionscadail fuinnimh gheoteirmigh a imscaradh go tapa; á chur i bhfios go láidir go bhfuil rochtain éasca chothrom ar shonraí fodhromchla sna Ballstáit ríthábhachtach do chéim an bhreithmheasa tionscadail; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, go gcuireann an easpa rochtain ar shonraí sin cosc ar eolaithe samhlacha geolaíocha a chruthú atá bunriachtanach chun an acmhainneacht agus toradh fuinnimh gheoteirmigh i limistéar fodhromchla ar leith a thuar agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad ríthábhachtach chun éiginnteacht a laghdú d'fhorbróirí tionscadail;
27. ag tathant ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún féachaint ar mhodhanna chun cineálacha éagsúla sonraí geolaíocha a bhailiú ó eintitis phoiblí agus phríobháideacha d'fhonn iad a eagrú, a chórasú agus a chur ar fáil don phobal trí na bunachair sonraí geolaíocha bhunúsacha atá ann cheana a leathnú agus na formáidí digiteacha a úsáid chun na sonraí a bhailiú agus iad a chur ar fáil; ag tabhairt dá haire gur cheart é sin a bhaint amach i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí, maidir le cosaint sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, lena n-áirítear rúin trádála a chosaint, agus cearta maoinne intleachtúla a chosaint, chomh maith le breithnithe slándála agus, i gcás inar gá, gur cheart dreasachtaí nó cúiteamh as comhroinnt sonraí ag eintitis phríobháideacha a áireamh; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart sonraí geolaíocha a mhaoiniú le maoiniú poiblí agus atá ag teastáil le haghaidh tionscadail gheoteirmeacha (amhail na sonraí sin a fhaightear mar gheall ar thacaíocht phoiblí arna fáil le haghaidh druileáil thaiscéalaíoch) a chur ar fáil don phobal laistigh de thréimhse ghearr ama arna leagan síos ag an mBallstát lena mbaineann; ag tarraingt aird ar an bhfioras go ndéantar sonraí geolaíocha atá i seilbh eintiteas príobháideach i

roinnt Ballstát a chur ar fáil saor in aisce don phobal tar éis tréimhse áirithe ama;

28. ag tathant ar an gCoimisiún féachaint ar na tairbhí agus na bacainní a bhaineann le comhchuibhiú na reachtaíochta náisiúnta maidir le rochtain a dheonú ar shonraí fodhromchla agus stóráil sonraí geolaíocha ar thairseach láraithe ar leibhéal an Aontais a bhfuil rochtain gan bhac agus éasca ag cách uirthi;
29. á chur i bhfáth, i gcás ceantair ina bhfuil na sonraí fodhromchla neamhleor, gur féidir le rialtais ról a ghlacadh i mapáil acmhainní geoteirmeacha agus druileáil thaiscéalaíoch a chistiú; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil bearta déanta cheana féin ag roinnt Ballstát sa treo sin; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt don bhailiú sonraí sin trí thionscadail ábhartha, amhail Bonneagar Eorpach do Shonraí Geolaíocha (EDGI), a bhfuil sé mar aidhm leis atlas acmhainní geoteirmeacha uile-Aontais a chruthú; á thabhairt chun suntais a ábhartha atá Seirbhís Faireacháin Copernicus ar Thalamh (CLMS), ar féidir léi sonraí iontaofa teochta talún a sholáthar, atá úsáideach go háirithe don fhuinneamh geoteirmeach dromchla;
30. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil acmhainneacht gheoteirmeach ag baint le toibreacha agus mianaigh ola agus gáis neamhghníomhacha a athcheapadh; á iarraidh ar na Ballstáit, i gcomhar le cuideachtaí ola, gáis agus guail, fardail agus léarscáileanna poiblí a ullmhú, lena n-áirítear sonraíochtaí, de bhonneagar hidreacarbóin ídithe, tréigthe agus deireadh ré a bhfuil an acmhainn ann é a úsáid mar acmhainn gheoteirmeach; á chur i bhfáth gur gá tús áite a thabhairt do chistí chun staidéir mhionsonraithe a dhéanamh ar riocht an bhonneagair sin chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht gach láithreáin;
31. á chur in iúl gur cúis bhuartha di cineál ilroinnte an staidrimh maidir leis an bhfuinneamh geoteirmeach; á chur i bhfáth go bhfuil sé an-deacair measúnú a dhéanamh ar úsáid an fhuinnimh gheoteirmigh san Eoraip mar gheall ar an easpa caighdeán maidir le tuairisciú sonraí tionscail; á iarraidh ar na Ballstáit, i gcomhar leis an tionscal agus leis an gCoimisiún, ollchóiriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta bailithe sonraí staidrimh atá ann cheana le haghaidh an fhuinnimh gheoteirmigh agus dea-chleachtais san earnáil a mhacasamhlú trí chaighdeáin a chruthú maidir le tuairisciú sonraí tionscail;

### *Cistiú*

32. á athdhearbhú go bhfágtar le héiginnteacht faoi acmhainní fodhromchla go bhfuil sé dúshlánach cistiú tionscadail a dhaingniú; ag tabhairt dá haire go n-éilíonn céim tosaigh an tionscadail, amhail céim na taiscéalaíochta agus na tógála, costais shuntasacha tosaigh agus rioscaí móra fiontraíochta a chuireann bac ar an gcinneadh infheistíochta, á iarraidh ar na Ballstáit féachaint ar réitigh laghdaithe riosca airgeadais atá iomchuí d'aibíocht a margaí áitiúla, amhail deontais, iasachtaí is féidir a thiontú ina ndeontais, ráthaíochtaí státbhunaithe, árachas taiscéalaíochta agus sásraí fálaíthe, ag lua samplaí de shásraí cumhdaigh riosca a bhfuil tacaíocht acu ní hamháin ó chistí poiblí ach ó ranníocaíochtaí ón earnáil phríobháideach freisin; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, go mbeadh scéim maolaithe riosca airgeadais de chuid an Aontais an-úsáideach do na margaí is lú ó thaobh aibíochta de san earnáil gheoteirmeach; ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá bearta eile laghdaithe riosca amhail rochtain éasca a thabhairt ar shonraí

fodhromchla, dea-chleachtais a chomhroinnt maidir le cineálacha nua samhlacha gnó lena dtairgtear sineirgí idir cistiú poiblí agus cistiú príobháideach;

33. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur gnách go ndíspreagtar teaschaidéil gheoiteirmeacha (TCGanna) a roghnú i bhfabhar réitigh theicneolaíochta nach bhfuil chomh héifeachtúil céanna mar gheall ar chostais arda tosaigh druileála agus suiteála; á iarraidh ar na Ballstáit féachaint ar dhreasachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann chun an bhearna sin a dhúnadh, lena n-áirítear trí mhúnlaí maoinithe 'íoc mar a shábháiltear' (PAYS); á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin i bplean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um theaschaidéil, atá ar na bacáin;
34. á chur i bhfáth go bhfuil na costais tosaigh arda ag cur bac ar fhás an fhuinnimh gheoiteirmigh, go háirithe do ghníomhaithe a bhfuil acmhainní airgeadais teoranta acu, rud a fhágann go bhfuil siad i bhfabhar infheistíochtaí atá níos brabúsaí sa ghearrthéarma, ach a chuireann inbhuanaitheacht chomhshaoil níos ísle ar fáil; á iarraidh ar an gCoimisiún céimeanna iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear tionscadail gheoiteirmeacha san áireamh ar bhealach níos fearr agus cistí agus ionstraimí Eorpacha atá ann cheana á n-úsáid; á iarraidh ar an gCoimisiún acmhainní a thiomnú faoi na cistí atá ann cheana chun tacú le taiscéalaíocht, forbairt agus nuachóiriú tionscadal geoiteirmeach, go háirithe bunaithe ar theicneolaíochtaí nuálacha, agus athsciliú agus uas-sciliú oibrithe;

### ***Saincheisteanna rialála***

35. á chur i bhfáth go n-éascófaí imscaradh tionscadal fuinnimh gheoiteirmigh ar fud an Aontais le rialacha ceadaithe níos tapúla maidir leis an bhfuinneamh geoiteirmeach, i gcomhréir le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais atá ann cheana; ag tabhairt dá haire go bhfuil tionscadail fuinnimh gheoiteirmigh dhomhain faoi réir dlíthe atá deartha do thionscadail mhianadóireachta ar mórskála agus a bhfuil sé deacair a bheith i gcomhréir leo, go háirithe do thionscadail gheoiteirmeacha ar mionskála, faoi láthair; á iarraidh ar na Ballstáit, dá bhrí sin, athbhreithniú a dhéanamh ar na dlíthe mianadóireachta atá ann cheana chun léiriú níos fearr a thabhairt ar shainiúlacht tionscadal geoiteirmeach agus chun rialacha ceadaithe tiomnaithe a fhorbairt le haghaidh an fhuinnimh gheoiteirmigh, agus a chur san áireamh go bhfuil tionchair agus rioscaí an-éagsúil ag teicneolaíochtaí gheoiteirmeacha éagsúla don gheolaíocht agus don chomhshaoil; á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte a sholáthar chun an leibhéal comhleanúnachais is gá a áirithiú, cosúil leis an gcur chuige a ghlacadh maidir leis an gcreat rialála lena dtacaítear le stóráil CO<sub>2</sub> (Treoir 2009/31/CE<sup>26</sup>);
36. ag tarraingt aird ar an bhfioras go bhfuil spriocdhátaí do mheasúnuithe tionscadail i roinnt Ballstát fréamhaithe i bprionsabal an fhorhseasa intuigthe faoi choinníollacha atá sainithe go soiléir seachas i gcás ina n-éilítear freagra le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta; á iarraidh ar na Ballstáit plé a dhéanamh ar na tairbhí agus na bacainní a bhaineann leis an bprionsabal sin a chur i bhfeidhm ar thionscadail gheoiteirmeacha agus machnamh a dhéanamh ar a thabhairt isteach ina reachtaíocht;

---

<sup>26</sup> Treoir 2009/31/CE an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006.

37. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go mbíonn próisis fhada cheadaithe ag baint le tionscadail gheoiteirmeacha; ag tathant ar na Ballstáit próisis cheadaithe níos éifeachtúla atá cuíchóirithe agus digitithe a chruthú le haghaidh tionscadail gheoiteirmeacha nua agus chun na saoráidí atá ann cheana a leathnú, lena n-áirítear trí ionad ilfhreastail a chruthú – i gcás nach bhfuil sé sin déanta cheana féin – don phróiseas cheadaithe ar fad i measc na n-údarás agus tacaíocht a thabhairt d’údaráis áitiúla chun a áirithiú go mbeidh scileanna leordhóthanacha ag a lucht saothair; á chreidiúint gur cheart do na hionaid ilfhreastail sin comhroinnt faisnéise faoi dheiseanna cistiúcháin arna mbailiú ag an gCoimisiún trí thairseach láraithe a chur chun cinn freisin;
38. ag tabhairt dá haire go bhfuil difríochtaí idir saothrú an fhuinnimh gheoiteirmigh i gceantair uirbeacha agus i gceantair thuaithe; ag tarraingt aird ar shainiúlacht na dtionscadal téimh gheoiteirmigh uirbeach agus á iarraidh ar na Ballstáit nósanna imeachta cheadaithe níos éifeachtúla agus níos cuíchóirithe a fhorbairt le haghaidh tionscadail téimh gheoiteirmigh, lena n-áirítear rochtain ar dháileachtaí uirbeacha atá oiriúnach do ghléasraí geoiteirmeacha a éascú; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún moltaí a eisiúint d’oibreoírí córas dáileacháin maidir leis na módúlachtaí a bhaineann le dul i mbun oibre le húdaráis áitiúla chun pleananna áitiúla téimh agus fuaraithe a bhunú ina ndireofar ar an bhfuinneamh gheoiteirmeach, chun comhtháthú úsáid an fhuinnimh gheoiteirmigh a éascú i bpleananna bainistithe uirbeacha agus i gcur chuige nua-aimseartha maidir le bainistiú spáis faoi thalamh aron;
39. ag tabhairt dá haire nach mór ceadanna le haghaidh suiteálacha geoiteirmeacha a dhéanamh níos éasca lena bhfairsingiú do thionscnóirí tionscadail chun eastóscadh amhábhhar nó táirgeadh hidrigine a chumhdach ón acmhainneacht atá ann cheana faoin léas céanna;
40. á iarraidh ar an gCoimisiún treoir a eisiúint do ghníomhaireachtaí cheadaithe faoi dheachleachtais maidir le feidhmeanna cheadaithe don fhuinneamh gheoiteirmeach éadomhain agus cur isteach a d’fhéadfadh a bheith ann ar uisce óil a bhainistiú chun dlús a chur leis an bpróiseas cheadaithe agus cur i bhfeidhm iomlán na gcaighdeán comhshaoil á áirithiú ag an am céanna;
41. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil anailís saolré á cur i bhfeidhm maidir leis an bhfuinneamh gheoiteirmeach ach ní maidir le foinsí in-athnuaite eile, rud a thagann salach ar an gcur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht<sup>27</sup>, lena laghdaítear acmhainneacht shuntasach an fhuinnimh gheoiteirmigh mar rannchuidiú leis an dícharbónú, go háirithe i soláthar teasa, agus lena ndéantar é a neamhchosaint ar dhálaí iomaíocha éagothroma d’fhoinsí fuinnimh inathnuaite eile; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar aicmiú fheidhmeanna an fhuinnimh gheoiteirmigh sna forálacha tacsanomaíochta chun an fuinneamh gheoiteirmeach a chur ar bhonn rialála cothrom leis an bhfuinneamh gaoithe agus gréine;
42. á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh an stádas rialála céanna ag an bhfuinneamh gheoiteirmeach, lena n-áirítear i soláthar AE, lena bhfuil ann cheana d’fhoinsí in-athnuaite eile, agus sa Chreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe, agus in aon bheart

---

<sup>27</sup> Rialachán(AE) 2020/852 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088.

ina dhiaidh sin;

### ***Lucht saothair, oiliúint agus scileanna***

43. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na riaráistí agus na moilleanna tuairiscithe maidir le TCGanna a shuiteáil, toibreacha a dhruileáil agus na ceadanna is gá a dheonú mar gheall ar easpa baill foirne cháilithe; á thabhairt chun suntais go dtiocfaidh méadú breise ar an ngá atá le lucht saothair oilte amach anseo agus ag tathant ar na Ballstáit, i gcomhar leis an tionscal agus, i gcás inarb iomchuí, le ceardchumann, dlús a chur le bearta maidir le hoiliúint agus athsciliú speisialtóirí le haghaidh an fhuinnimh gheoiteirmigh ós rud é go mbeidh líon leordhóthanach oibrithe ríthábhachtach chun na cuspóirí maidir le himscaradh an fhuinnimh gheoiteirmigh a bhaint amach;
44. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh scéimeanna deimhniúcháin nó scéimeanna coibhéiseacha cáilíochta ar fáil, go háirithe do shuiteálaithe teaschaidéal agus córas geoiteirmeach éadomhain ar mionscála;
45. ag tabhairt dá haire nach bhfuil ach líon teoranta cúrsaí ollscoile tiomnaithe don fhuinneamh geoiteirmeach agus go bhfuil siad gearrthréimhseach agus roghnach, agus nach gcuirtear ach bunscileanna ar fáil i bhformhór na ranganna; ag spreagadh na mBallstát, dá bhrí sin, comhoibriú le forais oideachais d'fhonn céimeanna atá tiomnaithe don fhuinneamh geoiteirmeach a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú chun oiliúint leordhóthanach a chur ar ghlúnta na n-oibrithe a bheidh ann amach anseo san earnáil; á chur in iúl gur geal léi tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó Erasmus+ chun an easpa céimithe sóisearacha cáilithe sa slabhra luacha fuinnimh gheoiteirmigh a leigheas, amhail clár Geo3En, a bhfuil sé mar aidhm leis an bonn a leagan síos do chéim Mháistreachta Erasmus Mundus amach anseo san innealtóireacht geoiteirmeach; á chur i bhfios go láidir nach mór don tionscal geoiteirmeach feasacht a mhúscailt i measc mac léinn, agus i measc baill foirne teagaisc maidir leis an earnáil gheoiteirmeach agus na deiseanna gairme a chuirtear ar fáil léi;

### ***Forbairt teicneolaíochta***

46. á chur i bhfáth, cé gurb é an tAontas an ceannasaí maidir le taighde agus forbairt, paitinní ardluacha, foilseacháin agus monarú i réimse an fhuinnimh gheoiteirmigh, go bhfuil gá le bearta tacaíochta do theicneolaíochtaí geoiteirmeacha den chéad ghlúin eile ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal náisiúnta chun an staid sin a choinneáil, go háirithe maidir le stóráil fuinnimh gheoiteirmigh agus feidhmeanna tionsclaíochta;
47. ag tabhairt dá haire go bhfuair infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt (T&F) i réimse an fhuinnimh gheoiteirmigh i bhfad níos lú maoinithe ná earnálacha eile, agus nach bhfuil ach dhá thionscadal maidir le fuinneamh geoiteirmeach á dtacú go dtí seo ag an gCiste don Nuálaíocht; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún tacú le hinfeistíochtaí in T&F i dteicneolaíochtaí geoiteirmeacha, amhail teicneolaíocht chaidéil iontaofa agus teicnící druileála nua a fhorbairt;
48. á chur i bhfios go láidir, go háirithe, a thábhachtaí atá tionscadail fuinnimh hidrileictirigh agus teirmeastórála pumpála faoi thalamh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le T&F sna réitigh sin agus gléasraí píolótacha mórscála a chur chun

feidhme; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht níos leithne do na tionscadail sin, go háirithe iad siúd a forbraíodh ar bhonn mianaigh agus cairéil dhíchoimisiúnaithe is féidir a thiontú ina dtaiscumair uisce, trí iarrataí ar thograí faoi Chiste an Aontais don Nuálaíocht agus creat Fis Eorpach, ós rud é gur féidir leis an réiteach sin a bheith ina phíosa ríthábhachtach chun córais leictreachais dhícharbónaithe a fhorbairt;

49. á thabhairt chun suntais go bhfuil inní curtha in iúl ag roinnt Ballstát maidir le heaspa comhréireachta roinnt teaschaidéil allmhairithe lena stádas éifeachtúlachta fuinnimh dearbhaithe; á chur i bhfáth gur cheart measúnú comhréireachta tríú páirtí (seachas féindearbhu) a phlé mar chuid den athbhreithniú ar na rialacha lipéadaithe fuinnimh éicidhearthóireachta;

### *Críocha atá i mbun aistrithe*

50. á chur i bhfáth go bhfuil saothrú acmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh, go háirithe i gcás téamh ceantair, ar cheann de na hacmhainní nádúrtha lena féidir rannchuidiú le haistriú fuinnimh cóir sna ceantair a ndéantar difear dóibh trí chailteanais post a chúiteamh, de réir mar a dhúnann mianaigh agus saoráidí eastóscacha eile, trí dheireadh a chur leis an mbochtaineacht fuinnimh, agus trí neamhthuilleamaíocht na bpobal áitiúil agus a riarachán a neartú trína spleáchas ar allmhairí fuinnimh a laghdú;
51. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil leas iomlán á bhaint as an acmhainneacht a bhaineann le cuspóir taiscumair hidreacarbóin ídithe, tréigthe agus deireadh ré, chomh maith le toibreacha ola agus gáis, a athrú chuig feidhm gheoiteirmeach;
52. ag tarraingt aird ar thionscadail um athcheapadh atá ann cheana i mianaigh dhíchoimisiúnaithe, i gcás ina bhfuil teicneolaíocht stórála fuinnimh theirmigh uaimhneach fheidhmeach in ann téamh nó fuarú a sholáthar; ag tabhairt dá haire go bhfuil tionscadail á bhforbairt dá bhfuil sé beartaithe taiscumair ola a úsáid le haghaidh stóráil fuinnimh gheoiteirmigh; ag tabhairt dá haire go bhfuil tionscadail leanúnacha ar siúil chun toibreacha díchoimisiúnaithe ola agus gáis a athcheapadh le haghaidh feidhmeanna geoiteirmeacha, a laghdóidh rioscaí taiscéalaíochta agus costais druileála go mór;
53. ag tabhairt dá haire go bhfuil go leor de na tionscadail sin á gcur chun feidhme ag an tionscal breosla iontaise, ar tionscal é a mheasann gur deis iad na tionscadail páirt a ghlacadh san aistriú fuinnimh, agus go bhfuil gá le rannpháirtíocht luath níos láidre fós ón tionscal sin chun féachaint ar acmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh; á chur i bhfáth go n-áirithítear le measúnú luath ar acmhainní, nuair a bhíonn na mianaigh fós inrochtana, go ndéanfar a n-úsáid mhalartach a fhorbairt ar bhealach níos éifeachtúla; ag tabhairt dá haire gur cheart aird chuig a thabhairt ar an gcóras dliteanais;
54. á iarraidh ar na Ballstáit leas a bhaint as na deiseanna cistiúcháin Eorpacha atá ann cheana chun tacú le hathsciliú an lucht saothair i limistéir aistrithe, d'fhonn leas a bhaint as na poist a eascraíonn as tionscadail gheoiteirmeacha; ag tabhairt dá haire gur féidir scileanna na dtionscal ola agus gáis a chur i bhfeidhm agus gur féidir leo a bheith an-luachmhar san earnáil gheoiteirmeach; á chur i bhfáth, dá bhri sin, gur gá oibríthe ábhartha a mhealladh chuig an earnáil gheoiteirmeach agus tacú leo, lena n-áirítear trí dhreasachtaí agus cláir oiliúna a chruthú;



55. ag tarraingt aird ar riachtanais shonracha na réigiún is forimeallaí foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt i gcomhréir lena saintréithe geografacha, geolaíocha agus meitéareolaíocha; á chur i bhfios, mar gheall ar a n-iargúlacht gheografach, nach bhfuil na réigiúin sin nasctha le heangacha fuinnimh na hEorpa; ag tabhairt dá haire gur críocha bolcánacha iad cuid mhór de na réigiúin is forimeallaí, lena mbaineann acmhainneacht ard chun fuinneamh geoiteirmeach dromchla agus domhain araon a tháirgeadh; á chur i bhfios go láidir gur féidir ról ríthábhachtach a bheith ag an bhfuinneamh geoiteirmeach sna réigiúin sin chun a neamhspleáchas fuinnimh a ráthú;

### ***Infheictheacht agus glacadh an phobail***

56. ag tarraingt aird ar mhapáil ar líne na suiteálacha geoiteirmeach atá ann cheana i gcathair nó i réigiún ar leith mar dhea-chleachtas lenar féidir infheictheacht na réiteach geoiteirmeach a ardú agus lena bhféadfar tacú le cinntí infheistíochta poiblí agus príobháideacha;
57. ag tabhairt dá haire go bhfuil glacadh ón bpobal fós ina dhúshlán do thionscadail gheoiteirmeacha, go háirithe ar bhonn ábhair inní chomhshaoil amhail cur isteach féideartha ar uisce talún, astaíochtaí gáis do-chomhdhlúite, róshaothrú acmhainní uisce, agus seismeacht; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé ardchaighdeán chomhshaoil agus eolaíochta a choinneáil ar bun ag gach céim de thionscadail fuinnimh gheoiteirmigh agus a thábhachtaí atá sé cur chuige measúnaithe saolré inbhuanaithe a ghlacadh; á chur i bhfáth go bhféadfadh comhlíonadh docht na gceanglas sin, trédhearcacht na hinfeistíochta, rannpháirtíocht níos mó ó gheallsealbhóirí, agus rannpháirtíocht na bpobal áitiúil sna céimeanna pleanála agus cur chun feidhme a bheith ina mbealach éifeachtúil chun aghaidh a thabhairt ar ábhair inní an phobail agus chun mímhúinín a sháru; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhar leis an tionscal geoiteirmeach agus leis na Ballstáit, treoirlínte agus dea-chleachtais a fhorbairt le haghaidh comhar idir tionscnóirí tionscadail agus údaráis agus pobail áitiúla chun muinín a thógáil, tacaíocht a chothú agus caidreamh comhthairbheach a chruthú;

### ***Comhar idirnáisiúnta***

58. á chur i bhfáth gur gá dea-chleachtais, fios gnó teicneolaíochta, torthaí taighde agus nuálaíochta maidir le teicneolaíochtaí geoiteirmeacha a chomhroinnt le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí a bhfuil fuinneamh geoiteirmeach domhain agus dromchla forbartha acu cheana féin ar scála níos mó nó atá i mbun pleananna uailmhianacha a chur chun feidhme chun an earnáil fuinnimh gheoiteirmigh a fhás go tapa;
59. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé fuinneamh geoiteirmeach a áireamh sa chlár oibre comhair le tíortha atá i mbéal forbartha d'fhonn teicneolaíochtaí atá slán ó thaobh an chomhshaoil de a aistriú, eolas a chomhroinnt agus fothú acmhainneachta a dhéanamh chun freastal ar an éileamh ar fhuinneamh atá ag dul i méid;

o

o o

60. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá acmhainneacht ollmhór ag an bhfuinneamh geoteirmeach san Eoraip ar fud na mBallstát uile. Cé go dtéann forbairt fuinnimh gheoteirmigh siar níos mó ná céad bliain, margadh nideoige is ea fós i gcomparáid le foinsí fuinnimh eile. Cuirtear bac ar fhorbairt an fhuinnimh gheoteirmigh den chuid is mó mar gheall ar eolas teoranta ar na teicneolaíochtaí atá ann cheana agus ar a n-acmhainneacht, go háirithe i gcás fuinneamh geoteirmeach éadomhain, i measc luchtanna ceaptha beartas, údaráis áitiúla, gníomhaithe eacnamaíocha agus an phobail i gcoitinne. Is de chineál airgeadais, dlíthiúil agus teicniúil iad na dúshláin eile.

Ní dhíríonn an dréacht-tuarascáil ar chur i láthair na dteicneolaíochtaí atá ar fáil ná ar chur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí sin – agus na tuarascálacha atá ann cheana a d’ullmhaigh an tionscal féin, mar aon le tuarascálacha ó Fhairsingigh an Aontais um Theicneolaíochtaí Glana nó IRENA á gcur san áireamh. Tá an téacs dírithe ar mholtaí beartais. Cé gur fhairsingigh teicneolaíochtaí nua go suntasach na réimsí a bhaineann le réitigh gheoteirmeacha a chur i bhfeidhm ar bhealach costéifeachtúil, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb iad na difríochtaí atá ann cheana idir na Ballstáit maidir leis na dálaí geolaíocha agus aeráide atá ann faoi láthair an chúis nach ionann na costais a bhaineann le tionscadail chomhchosúla a imscaradh de bharr, mar shampla, an ghá le druileanna níos doimhne, úsáid teaschaidéal geoteirmeach (TCGanna) agus an bhonneagair ghaolmhair. Dá bhrí sin, ba cheart na difríochtaí sin a chur san áireamh agus aon réiteach beartais á gceapadh.

Tá an easpa mapála acmhainní geoteirmeacha ar cheann de na dúshláin is tábhachtaí don fhuinneamh geoteirmeach. Éilíonn an tionscal réiteach chun a áirithiú go mbaileofar na sonraí fodhromchla go léir in aon áit amháin (lena n-áirítear sonraí maidir le suíomh toibreacha díchoimisiúnaithe ola agus gáis) agus go gcuirfear ar fáil don phobal iad. Tá éagsúlacht mhór ann idir cleachtais maidir le comhroinnt sonraí ar fud na mBallstát. I roinnt Ballstát, ní chuirtear sonraí fodhromchla dílseánaigh ar fáil go ginearálta. I roinnt eile, ní chuirtear ach sonraí geolaíochta atá maoinithe ag an rialtas ar fáil go poiblí. Tá tíortha ann ina roinneann cuideachtaí na sonraí fodhromchla atá ar fáil le comhlachtaí rialtais ábhartha, a úsáideann iad ina dhiaidh sin le haghaidh tuarascálacha ar acmhainneacht gheoteirmeach a chuirtear ar fáil go poiblí. I ngach cás, áfach, tá ról ríthábhachtach ag na Ballstáit maidir le seirbhísí a sholáthar chun sonraí geolaíocha a bhailiú, iad a eagrú, a chórasú agus sonraí a chur ar fáil i gcomhar le cuideachtaí ar úinéirí sonraí iad. I roinnt Ballstát, toisc go bhfuil na sonraí fodhromchla neamhleor, d’fhéadfadh na rialtais iad féin mapáil acmhainní agus druileáil thaiscéalaíoch a mhaoiniú chun atlas náisiúnta a bhunú ar acmhainneacht gheoteirmeach. Ba cheart go dtacófaí leis sin le maoiniú Eorpach d’fhonn atlas uile-Aontais acmhainneachta geoteirmí a chruthú.

Faraor, tá sé an-deacair measúnú a dhéanamh ar imscaradh an fhuinnimh gheoteirmigh san Eoraip mar gheall ar an easpa caighdeán maidir le tuairisciú sonraí tionscail. Dá bhrí sin, is deacair a thuiscint an bhfuil réigiúin áirithe chun cinn maidir le himscaradh an fhuinnimh gheoteirmigh agus a mhéid a úsáideadh cistiú ón Aontas chun na geríoch sin. I mbunachair sonraí an Aontais, déantar fuinneamh geoteirmeach a chatagóiriú faoi “foinsí in-athnuaite eile” ina ndéantar é a chomhiomlánú le tionscadail hidreachumachta. Aontaíonn údaráis náisiúnta agus údaráis an Aontais go bhfuil neamhréir idir na sonraí a thuairiscítear agus, go

ginearálta, go ndéantar ganmheastachán ar an bhfuinneamh geoiteirmeach a imscartar. Cé go bhfuil giniúint cumhachta doiciméadaithe go maith, tá fadhb ann maidir le tuairisciú ar théamh agus ar fhuarúchán. Is é an toradh a bhíonn ar na luachanna ilroinnte sin agus ar an easpa comhchaighdeán ná easpa ionadaíochta ar an tionscal geoiteirmeach sa mhargadh fuinnimh, agus bíonn éifeachtaí díobhálacha aige sin ar an tionscal. Bíonn tacaíocht pholaitiúil fhabhrach ann, cuidítear le spriocanna uailmhianacha fuinnimh a leagan síos agus feabhsaítear cúnaimh beartais mar thoradh ar shonraí ardcháilíochta. Ó thaobh na heacnamaíochta de, cuireann sé chun cinn méadú ar thionscadail gheoiteirmeacha, ar indíoltacht, ar iomaíochas agus ar thacaíocht airgeadais ó rialtais. Dá bhrí sin, is gá deachleachtais a shainathint i measc na mBallstát agus iad a mhacasamhlú. Ba cheart go mbeadh cruinnithe a thionólann an Coimisiún maidir le cuntasacht téimh agus fuaracháin ina gcéad chéim sa treo sin.

Is saintréithe de shuiteálacha geoiteirmeacha caiteachas oibriúcháin íseal ach infheistíocht chaipitiúil ard, go príomha mar gheall ar an gcostas ard agus an riosca a bhaineann le druileáil thaiscéalaíoch. Is féidir le taiscéalaithe teacht ar thoibreacha neamhfhoirfe — an raon rátaí teipe atá ann ná níos lú ná 10 % san Ungáir agus sa Ghearmáin go 30 % san Ísiltír, de réir Rystad. De ghnáth, ní bhíonn airgeadaithe margaidh toilteanach na rioscaí agus na costais luathchéime sin a ghlacadh, agus braitheann bardais a íocann astu go minic faiteach maidir le caillteanais ionchasacha, toisc gurb iad a bhíonn i gceannas ar théamh ceantar áitiúil de ghnáth. Tá na rioscaí sin a bhaineann le hacmhainní fodhromchla agus na costais airgeadais ghaolmhara ar cheann de na bacainní móra d'fhorbróirí tionscadal geoiteirmeach. Dá bhrí sin, tá beartais rialtais a laghdaíonn rioscaí ríthábhachtach chun infheistíocht airgeadais ón earnáil phríobháideach a dhreasú. D'fhéadfadh ionstraimí laghdaithe riosca a bheith ann i bhfoirmeacha éagsúla agus is féidir iad a cheapadh de réir aibíocht fhoriomlán an mhargaidh. Tá samplaí maithe ann cheana féin d'ionstraimí den chineál sin i roinnt Ballstát. I mí Lúnasa, d'fhormheas an Coimisiún Eorpach, faoi rialacha an Aontais maidir le státchabhair, scéim chabhrach ón bhFrainc chun ciste ráthaíochta a bhunú le haghaidh oibríochtaí geoiteirmeacha doimhne.

Cuireann rialacháin chasta neamhiomlána atá ilroinnte idir na Ballstáit agus údarú fada casta moill ar imscaradh fuinnimh gheoiteirmigh. Cé gur céim mhaith é an simpliú a dhéantar ar na rialacha um cheadú leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite, ní chumhdaítear léi ach tionscadail dromchla amháin, amhail teaschaidéil, agus fágtar gníomhaíochtaí fodhromchla ar leataobh. Go háirithe, tá fadhbanna ann leis an dlí mianadóireachta, a ceapadh le haghaidh gníomhaíochtaí mianadóireachta móra agus nár ceapadh le haghaidh tionscadail ar scála níos lú, amhail tionscadail fuinnimh gheoiteirmigh. Bíonn droch-impleachtaí eacnamaíocha ag baint le castacht an dlí sin, in éineacht leis an bpróiseas údaráithe nach mbíonn cuíchóirithe go minic, ar fhorbairt tionscadal agus ar chinntí infheistíochta. Tá géarghá, dá bhrí sin, leis na Ballstáit chun dlíthe mianadóireachta a athbhreithniú agus a shimpliú nó chun rialacha tiomnaithe um cheadú a fhorbairt maidir leis an bhfuinneamh geoiteirmeach.

Cuirtear teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh i gcatagóir na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta straitéiseacha leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Cé go bhfuil an tAontas ar thús cadhnaíochta i dtaighde agus forbairt agus monarú teicneolaíochtaí geoiteirmeacha agus go bhfuil slabhra soláthair iontaofa aige, tá gá le bearta tacaíochta cistithe do theicneolaíochtaí geoiteirmeacha den chéad ghlúin eile chun stádas an cheannasaí a choinneáil, go háirithe maidir le stóráil fuinnimh gheoiteirmigh,

feidhmeanna tionsclaíocha agus litiam geoiteirmeach. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur bronnadh deontas EUR 91.6 milliún ón gCiste Eorpach Nuálaíochta le déanaí ar thionscadal geoiteirmeach Eavor den chéad ghlúin eile.

B'ionann líon na ndíolachán TCGanna agus an líon ba mhó riamh laistigh den Aontas in 2022, inar suiteáladh os cionn 141,300 córas nua. An tráth céanna, thuairiscigh roinnt Ballstát go raibh cáilíocht íseal agus easpa comhréireachta leis an éifeachtúlacht fuinnimh a dearbhaíodh ag baint le líon mór teaschaidéal allmhairithe, agus is cúis buartha í an tuairisc sin. Tá cuid acu ag smaoineamh ar liostaí samhlacha réamhcheadaithe a bhunú a bheadh incháilithe le haghaidh cómhaoiniú ó chláir náisiúnta thacaíochta atá ann cheana; éilíonn cuid eile faireachas margaidh níos déine. Ba cheart measúnú comhréireachta ó thríú páirtí, seachas an féindearbhu a úsáidtear faoi láthair, a phlé faoi bheart 1 den athbhreithniú ar ENER Éicidhearthóireachta.

Mar sin féin, ní bheifear in ann tionscadail atá beartaithe a chur i gcrích ná tionscadail nua a fhorbairt gan lucht saothair cháilithe leordhóthanach. Is cúis mhór imní é nach bhféadfaí an t-éileamh ar fhuinneamh geoiteirmeach atá méadaithe cheana féin a shásamh go hiomlán mar gheall ar an easpa acmhainneachta: níor seachadadh roinnt comhpháirteanna in am, ní raibh oibríthe oilte ar fáil an oiread agus a bhí ag teastáil agus ba mhínic, mar gheall ar an éileamh a bhí ag dul i méid, a bhí ualach rómhór ar luchtanna riaracháin phoiblí agus údaráis cheadúnúcháin agus ba mhínic a bhí easpa foirne acu dá bhrí sin freisin. Dá bhrí sin, chun luas na forbartha fuinnimh gheoiteirmigh a choinneáil, chun an cuspóir a luaitear i Straitéis an Aontais maidir le Fuinneamh Gréine a bhaint amach chun an éileamh ar fhuinneamh a chumhdaítear leis an bhfuinneamh geoiteirmeach a mhéadú faoi thrí, tá práinn le hinfheistíocht a dhéanamh in oiliúint agus athoiliúint an lucht saothair faoin bhfuinneamh geoiteirmeach. Ceann de na tionscnaimh is gá ná clár Geo3En - tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó Erasmus+ a bhfuil sé mar aidhm acu an easpa céimithe sóisearacha cáilithe i slabhra luacha an fuinnimh gheoiteirmigh a réiteach, agus a leagann síos an bonn do Chéim Mháistreachta Erasmus Mundus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo san innealtóireacht gheoiteirmeach. Ba cheart iarrachtaí ar leith a dhéanamh chun speisialtóirí atá ann cheana ó thionscail hidreacarbón a athoiliúint agus an acmhainneacht a bhaineann le fuinneamh geoiteirmeach don aistriú cóir, chomh maith leis an bhfíric gur féidir scileanna na dtionscal ola agus gáis a chur i bhfeidhm go héasca san earnáil gheoiteirmeach, á cur san áireamh;

Tá an fuinneamh geoiteirmeach rithábhachtach ní hamháin don aistriú fuinnimh, ach don aistriú cóir. Ní bhaineann na Ballstáit leas iomlán go fóill as an acmhainneacht a bhaineann le forbairt fuinnimh gheoiteirmigh trí úsáid a bhaint as an mbonneagar a bhíodh in úsáid ag an tionscal hidreacarbón. Tá roinnt tionscadal rathúil ann ar fud na hEorpa inar athcheapadh mianaigh ghuail dhíchoimisiúnaithe don téamh agus fuarú geoiteirmeach. D'athraigh tionscadal Hunosa san Ostair le déanaí an seanmhianach guail ina ionad téimh ceantair gheoiteirmigh is mó sa Spáinn. Tá oibreacha ann a bhfuil torthaí maithe ag teacht uathu go fóill maidir le húsáid toibreacha díchoimisiúnaithe ola agus gáis le haghaidh feidhmeanna geoiteirmeacha, agus tá cuid acu déanta ag cuideachtaí hidreacarbón iad féin. Tá gá le beartais thiomnaithe, creat dlíthiúil agus tacaíochta agus gníomhaíochtaí sonracha lena gcumasófar agus lena gcuirfead chun cinn an t-aistriú ó réigiúin a tháirgeann breoslaí iontaise go fás inbhuanaithe, tríd an bhfuinneamh geoiteirmeach a úsáid.

Is éard atá i gceist leis an bhfuinneamh geoiteirmeach ná foirm fuinnimh “24-7” leanúnach lena mbaineann costais sheasta agus an fachtóir acmhainneachta is airde. Ní éilíonn

suiteálacha geoiteirmeacha amhábhair chriticiúla a mhéid a bhaineann le teicneolaíochtaí in-athnuaite eile, agus is infheistíochtaí áitiúla iad na hinfeistíochtaí móra uile. I gcomparáid le hacmhainní in-athnuaite eile, is gnách go mbíonn i bhfad níos lú talún ag teastáil ón bhfuinneamh geoiteirmeach agus is féidir é a chomhtháthú níos éasca sa tírdhreach. In ainneoin na dtairbhí sin, bíonn bacainní sóisialta áirithe ag baint leis an bhfuinneamh geoiteirmeach. Ceann de na bacainní sóisialta a bhaineann leis an bhfuinneamh geoiteirmeach is ea an easpa feasachta agus eolais i measc an phobail i gcoitinne, luchtanna ceaptha beartas, údaráis áitiúla agus institiúidí airgeadais. Meastar go minic gur teicneolaíocht nideoige é an fuinneamh geoiteirmeach atá costasach, casta nó nach bhfuil oiriúnach ach amháin do chríocha a bhfuil cáilíochtaí geolaíocha an-annamh ar leith acu. Bíonn iomaíocht ann don fhuinneamh geoiteirmeach freisin ó fhoinsí in-athnuaite nó traidisiúnta eile fuinnimh a bhféadfadh margáí, beartais nó fóirdheontais níos seanbhunaithe a bheith acu. Chun an bac sin a sháru, ní mór d'abhcóidí den fhuinneamh geoiteirmeach, in éineacht leis na Ballstáit, infheictheacht agus inchreidteacht an fhuinnimh gheoiteirmigh a mhéadú, trí na tairbhí, na costais agus an fheidhmíocht a bhaineann leis a thaispeáint, agus trí theagmháil a dhéanamh leis na geallsealbhóirí agus na pobail ábhartha. Tá feasacht náisiúnta ag dul i méid maidir le tacú leis an bhfuinneamh geoiteirmeach - tá treo chlár, spriocanna agus bearta tiomnaithe beartais forbartha ag roinnt Ballstát, amhail an Fhrainc, an Pholainn agus Éire, chun tacú leis an bhfuinneamh geoiteirmeach.

D'fhéadfadh cónaitheoirí áitiúla cur i gcoinne an fhuinnimh gheoiteirmigh, toisc go mbeadh inní orthu faoi thionchair dhiúltacha an torainn, an tráchta nó na nguaiseacha comhshaoil amhail éilliú uisce, gníomhaíocht sheismeach nó astaíochtaí díobhálacha. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbacainn sin, ní mór d'fhorbróirí fuinnimh gheoiteirmigh urraim a thabhairt do na páirtithe lena mbaineann agus dul i gcomhairle leo, agus a dtoiliú agus a rannpháirtíocht a lorg i bpleanáil agus i gcur chun feidhme tionscadal geoiteirmeach.



## IARSCRÍBHINN: NA HEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an tuarascáil á hullmhú aige, go dtí go nglacfar sa choiste í:

<b>Eintiteas agus/nó duine</b>
European Geothermal Energy Council
Enel
Engie
Daikin
Baker Hughes
PGE
Orlen
Polish Geothermal Society
Green Therma
Vulcan Energy
ZeroGeo Energy



## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

<b>Dáta an ghlactha</b>	7.12.2023
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 51 -: 0 0: 2
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Nicola Beer, Hildegard Bentele, Vasile Blaga, Michael Bloss, Marc Botenga, Martin Buschmann, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Marie Dauchy, Martina Dlabajová, Christian Ehler, Valter Flego, Niels Fuglsang, Nicolás González Casares, Henrike Hahn, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Andrius Kubilius, Miapetra Kumpula-Natri, Iskra Mihaylova, Angelika Niebler, Niklas Nienä, Johan Nissinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Markus Pieper, Manuela Ripa, Robert Roos, Sara Skyttedal, Riho Terras, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Andrus Ansip, Laura Ballarín Cereza, Cornelia Ernst, Alexis Georgoulis, Ladislav Ilčić, Elena Kountoura, Alin Mituța, Günther Sidl, Jordi Solé, Susana Solís Pérez
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riall 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Alexander Alexandrov Yordanov, Jonás Fernández, Virginie Joron, Radan Kanev, Karin Karlsbro

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

51	+
ECR	Ladislav Ilčíč, Izabela-Helena Kloc, Johan Nissinen, Robert Roos
ID	Marie Dauchy, Virginie Joron
NI	Martin Buschmann, Alexis Georgoulis
PPE	Alexander Alexandrov Yordanov, Hildegard Bentele, Vasile Blaga, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Christian Ehler, Radan Kanev, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Angelika Niebler, Markus Pieper, Sara Skytvedal, Riho Terras, Pernille Weiss
Renew	Andrus Ansip, Nicola Beer, Nicola Danti, Martina Dlabajová, Valter Flego, Ivars Ijabs, Karin Karlsbro, Iskra Mihaylova, Alin Mituța, Morten Petersen, Susana Solís Pérez
S&D	Laura Ballarín Cereza, Josianne Cutajar, Jonás Fernández, Niels Fuglsang, Nicolás González Casares, Ivo Hristov, Romana Jerković, Miapetra Kumpula-Natri, Tsvetelina Penkova, Günther Sidl, Carlos Zorrinho
The Left	Cornelia Ernst, Elena Kountoura
Verts/ALE	Michael Bloss, Henrike Hahn, Niklas Nienaß, Mikuláš Peksa, Jordi Solé

0	-

2	0
The Left	Marc Botenga
Verts/ALE	Manuela Ripa

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh